# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2012

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála


# Staidéar Foirgníochta

## Gnáthleibhéal


**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
***State Examinations Commission***

*Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2012*

# *Staidéar Foirgníochta*
## *Teoiric – Gnáthleibhéal*



**CEIST 1**
**Cuid (a)**




*Sonraíochtaí*

- Tíleanna coincréite
- Caolaigh bhogadhmaid 44 mm × 35 mm
- Scannán idirleata gaile
- Rachtaí 150 – 250 mm × 40 mm
- Insliú don díon a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair
- Giarsaí síleála 150 x 50 mm
- Síleáil de phlástarchlár 12.5 mm le taca scragaill, mar aon le séala cúinne agus brat scimeála
- Maide balla 100 mm × 75 mm ceangailte de bhlocobair le strapaí maide balla
- Bloc coincréite duille istigh 100 mm
- Plástar inmheánach 15 mm
- Insliú don bhalla a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair – 100 mm ar a laghad
- Cuas iarmharach 50 mm
- Bloc coincréite duille amuigh 100 mm
- Rindreáil sheachtrach 19 mm
- Tarr 12 mm
- Éadanchlár 25 mm
- Gáitéar sceimhle 100 mm

*Sonra malartach sceimhle a thaispeánann sonra rachta 250 mm × 40 mm*


*N.B. Tá glacadh le haon sonraí eile atá a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta mar atá i bhfeidhm faoi láthair.*

**Cuid (b)**
**Modh chun an cuas a dhúnadh ag leibhéal na sceimhleacha**

- Dúntóir dílsithe cuais (b) a fheistiú sa chuas ag barr an bhalla
- Slinn(te) a fheistiú thar an gcuas a fhad leis an dá dhuille

**Ceist 2**

**Cuid (a)**
**Insliú balla sheachtraigh**
Cumhdach inslithe é seo a ghreamaítear den dromchla amuigh ar bhallaí seachtracha. Déantar é a fheistiú i roinnt céimeanna agus tá sraitheanna éagsúla ann.




- Greamaítear leaca inslithe B de dhromchla bhalla seachtrach A
- Greamaítear an t-insliú trí úsáid a bhaint as greamachán agus as feistiú meicniúil
- Cuirtear bunbhrat rindreála aicrilí ar dhromchla an inslithe
- Leabaítear mogalra snáithín D i mbunbhrata C
- Feabhsaíonn sé seo an righneas mar aon le neart teanntachta níos fearr
- Cuirtear cóta séalaithe daite E ar an mogalra nua agus ar dhromchla an bhunbhrait
- Cruthaíonn an cóta séalaithe bonn don bhailchríoch agus feabhsaíonn sé an seasamh in aghaidh uisce
- Rindreáil uigeach dhaite é brat deiridh F. D’fhéadfaí lián a úsáid chun í a chur air nó is féidir í a spraeáil freisin.
- Bailchríoch aicrileach í seo a thugann bailchríoch bhuan ag a bhfuil réimse dathanna agus uigeachtaí.


**An t-ábhar inslithe a úsáidtear**
**EPS**
- Polaistiréin fhorbartha
- Teastaíonn íostiús 120 mm, is tíosach é go 300 mm
- Aird ar na mionsonraí timpeall fuinneog agus timpeall tarr dín
- Beidh sé seo ina bhunús le U-luach $0.25W/m^2/K$

**Cúr Feanólach**
- Baineann mórláidreacht chomhbhrúiteach leis an insliú seo
- Baineann seoltacht theirmeach íseal leis
- Tá sé foirfe faoi choinne úsáidí taobh amuigh
- Teastaíonn íostiús 75mm – 300 mm tíosach
- Réiteach praiticiúil é an tiús seo, is féidir é a fheistiú go héasca timpeall fuinneog, doirse agus tarr dín
- Beidh sé seo ina bhunús le U-luach $0.25W/m^2/K$

Ábhair eile inslithe de réir mar is cuí, e.g. coc GUTEX.

**Cuid (b)**
**Na buntáistí a bhaineann le hinsliú balla sheachtraigh**
- Laghdaíonn insliú balla sheachtraigh caillteanas teasa ón bhfoirgneamh
- Laghdaíonn sé billí teasa agus astuithe $CO_2$
- Ní chailltear aon achar urláir agus ní bhíonn aon chur isteach inmheánach le sonrú
- Modh praiticiúil éifeachtúil é chun foirgneamh atá ann faoi láthair a insliú
- Déantar stóras / slogaide teasa den bhalla seachtrach
- Frithchaitear an teas isteach sa chuid mhaireachtála den teach
- D’fhéadfaí dromchla an bhalla sheachtraigh a fheabhsú ach bailchríoch nua a chur leis
- Ní bhíonn marcanna infheicthe ar bith ar an dromchla siocair go gclúdaíonn an bhailchríoch nua an feistiú uile.

**Ceist 3 – uisce fuar baile**
**Cuid (a)**
*Sonraíochtaí*





- Príomhlíonra uisce
- Nasc leis an bpríomhlíonra uisce
- Comhla stoptha
- Píobán soláthair uisce
- Balla seachtrach
- Muinchille chosanta le haghaidh soláthar uisce
- Insliú píopa seirbhíse
- Comhla stoptha
- Príomhphíobán aníos
- Nasc leis an doirteal cistine.

*N.B. Tá glacadh le haon sonraí eile atá a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta mar atá i bhfeidhm faoi láthair.*

**Cuid (b)**

- Ba cheart an píobán uisce a chur meádar amháin faoin talamh **(a)**. Ba cheart gur 750 mm an doimhneacht a mholtar.
- Ba cheart an 600 mm deireanach den phíopa seirbhíse a insliú **(b)**.
- Ba cheart píopán tromshaothair poileitiléin ard-dlúis nó píobán clóiríd pholaivinile (PVC) a úsáid.

**Cuid (c)**




- An t-uisce sa sistéal a laghdú – rud ar nós buidéal uisce a chur sa sistéal
- Úsáid a bhaint as brúsconnaí
- Doirteal cónúil a shuiteáil in áit doirteal dronuilleogach – féach ar an sceitse
- Sistéil déshruthlaithe a shuiteáil
- Córas bailithe báistí a úsáid
- Ceann cithfholctha aeraithe a shuiteáil
- Uisce liath cóireáilte a athchúrsáil faoi choinne sruthlú leithreas, garraíodóireachta, ní earraí taobh amuigh den teach – *bealaí eile ábhartha.*

**Ceist 4**


**Cuid (a)**

**Leithead agus doimhneacht an trinse**





- Bíonn íosleithead an fhotha a thrí oiread le tiús an bhalla
- Maidir le balla seachtrach atá 350 mm ar leithead, 1,050 mm a bheidh an t-íosleithead
- Ní mór do dhoimhneacht thrinse 'D' a bheith chomh domhain agus is féidir don chineál talún a bhíonn i gceist
- Is é 600 mm an fad a mholtar idir an talamh agus barr na coincréite
- Ní mór do bhun an trinse a bheith faoin tsioclíne toisc go gcruthaíonn reo agus leá fadhbanna do na fothaí.

**Leibhéal críochnaithe na coincréite san fhotha**




- Buailtear maidí adhmaid nó cruach isteach i mbonn an trinse
- Gobann barr na maidí seo amach os cionn bhonn an trinse de réir airde atá ar aon dul le tiús an fhotha.
- Déantar bairr na maidí seo a chothromú trí úsáid a bhaint as corr dhíreach agus as leibhéal léasair – nó as uirlis eile.

**Treisiú an fhotha**



- Cuirtear barraí treisithe easnacha de chruach bhog gar do bhun an trinse, 75 mm ó bhonn an trinse, áit a bhfuil an príomhneart teanntachta ag teastáil
- Doirtear, creatar agus dlúthaítear an choincréit timpeall na cruach treisiúcháin
- Tugtar tacaíocht do na barraí sa trinse sula ndoirtear an choincréit
- D'fhéadfaí treisiú mogalra cruach a úsáid freisin.

**Suíomh an bhalla ar an bhfotha stéille**




- Déantar an balla a shuí go lárnach ar an bhfotha
- Ní mór do theilgin 'P' ar an dá thaobh a bheith cothrom.

**Cuid (b)**


**Dhá chúis timpeallachta a bhfuil an fotha stéille ar an rogha cineál fotha**

- Teastaíonn níos lú coincréite ná an méid coincréite a theastaíonn i gcomhair fotha rafta
- Ní theastaíonn ach an méid is lú tochailte, úsáidtear níos lú fuinnimh
- Úsáidtear níos lú cruach
- Lorg carbóin níos lú ná cineálacha eile fothaí
- Is inbhuanaithe é ó thaobh na timpeallachta de.

**Ceist 5**

**Cuid (a)**

- Clár fuinneoige - 25 mm
- Fráma fuinneoige 150 mm × 80 mm
- Gloine d'astaíochas íseal lena mbaineann gloiniú triarach
- Leac fuinneoige de choincréit réamhtheilgthe
- Maisteog agus/nó séalaí téipeáilte
- D.P.C.
- Plástráil sheachtrach 15 mm
- Bloc coincréite duille amuigh 100 mm
- Cuas iarmharach 50 mm
- Ballacheangal
- Insliú teirmeach 100 mm
- Bloc coincréite duille istigh 100 mm
- Plástráil inmheánach 15 mm
- Dúntóir dílsithe cuais - (**b**).





**Cuid (b)**

- An t-insliú a thabhairt aníos ar chúl na leice coincréite chun droichead fuar a chosc
- Dúntóir cuais inslithe a fheistiú.

*N.B. Tá glacadh le haon sonraí eile atá a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta mar atá i bhfeidhm faoi láthair*

**Ceist 6 - Cuid (b)**
**Réamhchúraimí sábháilteachta nach mór cloí leo le linn ualach a ardú ó urlár**

- Bí i do sheasamh gar don ualach, seas go lárnach thairis
- Coinnigh do dhroim caol díreach, crom do ghlúine agus téigh ar do ghogaide
- Déan iarracht an t-ualach a ardú – faigh cúnamh má bhíonn sé róthrom
- Faigh greim maith ar an ualach leis an dá láimh
- Coinnigh an t-ualach gar do do chorp agus tú á ardú
- Coinnigh do dhroim caol díreach le linn an t-ualach a ardú
- Níor cheart go mbeadh aon rud sa bhealach sa líne amhairc
- Ná cas do chorp le linn duit an t-ualach a iompar
- Bí cinnte go mbíonn an limistéar thart ar an ualach slachtmhar agus glan ó bhaic
- Ná déan iarracht rud ar bith dodhéanta a dhéanamh.




**Fáthanna**
- Tá sé níos sábháilte obair a dhéanamh i limistéar glan slachtmhar
- Cosnófar do dhroim má bhítear cúramach le linn ualaí a ardú
- Beidh na réamhchúraimí a liostaítear ina gcúnamh le linn ualach a ardú.

**Réamhchúraimí sábháilteachta nach mór cloí leo le linn coincréit a chur as trucail de choincréit réamh-mheasctha**
- Caith casóg ard-infheictheachta
- Caith coisbheart ceart
- Caith clogad sábháilteachta
- Bí cinnte go mbíonn tiománaí na trucaile ábalta an obair atá á déanamh a fheiceáil go soiléir
- Bí cinnte nach mbíonn an trucail róghar d'imeall thrinse an fhotha, go háirithe tar éis aimsir fhliuch
- Má bhíonn an trinse domhain beidh taca taoibh ag teastáil
- Leag an choincréit anuas go cothrom agus lean ar aghaidh go cúramach
- Bí cinnte go dtugann oibrithe cáilithe faoin obair
- Ná lig ach daoine fásta in aice leis an limistéar oibre.


**Fáthanna**
- Ní mór a bheith in ann na hoibrithe a fheiceáil agus tá casóg ard-infheictheachta tábhachtach
- D'fhéadfadh an ithir timpeall an trinse a bheith bog agus tá sé tábhachtach an trucail a pháirceáil go sábháilte ar shiúl ón imeall
- Beidh taca de dhíth don trinse má bhíonn baol titime chun talún ann
- Ní cheadaítear ach oibrithe cáilithe ag a bhfuil deimhniú pas shábháilte ar an suíomh.

**Cuid (b)**
**Dhá phíosa de threalamh cosanta pearsanta**
**Casóg ard-infheictheachta**
- Ba cheart do gach oibrí ceann a chaitheamh
- Go ginearálta, is casóg bhuí nó veist shimplí í seo
- Bíonn stráice frithchaiteach ar an gcasóg nó ar an veist



**An tábhacht a bhaineann le casóg ard-infheictheachta**
- Tá sé tábhachtach go mbíonn oibrithe infheicthe ar shuíomh
- Dath maith é buí atá éasca le haithint
- Is fíorthábhachtach an chasóg ard-infheictheachta nuair a bhaintear úsáid as innealra ar an suíomh
- Tugann sí sábháilteacht bhreise do na hoibrithe.


**Clogad sábháilteachta**
- Ní mór do gach oibrí ar láithreán tógála ceann a chaitheamh
- Bíonn sé buí de ghnáth
- Faightear é i ndathanna eile
- Ní mór d'fhostóirí hataí crua a thabhairt do na hoibrithe ar an suíomh
- Ní mór d'fhostaithe hata crua a chaitheamh i gcónaí agus iad i mbun oibre
- Ní mór do chuairteoirí ar shuíomh clogad sábháilteachta a chaitheamh freisin.



**An tábhacht a bhaineann le clogad sábháilteachta**
- Cosnaíonn clogad sábháilteachta an ceann
- Cosnaíonn sé an t-oibrí ó rudaí a thiteann anuas
- Cosnaíonn sé an t-oibrí má bhuaileann sé/sí a (h)aghaidh in éadan rud crua
- Is féidir an t-oibrí a fheiceáil mar gheall ar dhath an chlogaid
- Tugann sé sábháilteacht bhreise do na hoibrithe.

**Buataisí caipín cruach**

- Ní mór d’oibrithe an cineál seo coisbhirt a chaitheamh ar láithreáin tógála
- Ní mór iad a chaitheamh toisc go mbíonn baol ann go dtitfidh rudaí troma anuas ar na cosa
- Bíonn ionsáiteán cruach sa chuid sin de na buataisí caipín cruach ina dtéann na ladhracha
- Neartaíonn sé seo an chuid sin de na buataisí.



**Ar thábhacht a bhaineann le buataisí caipín cruach**

- Tarlaíonn mórán timpistí gach bliain ar láithreáin tógála toisc go dtiteann rudaí anuas ar chosa na n-oibrithe
- Cosnaíonn an cineál seo buataise an chos
- Tugann sé sábháilteacht bhreise do na hoibrithe.

**Ceist 7**

**Cuid (a)**

**Cead pleanála le haghaidh seomra suí**

**Dhá chúis a bhfuil sé riachtanach cur isteach ar chead pleanála**

- Tá athrú úsáide i gceist leis seo
- Bheadh athrú ar aghaidh an tí
- D’fheisteofaí fuinneog nua mar chuid den iompú
- Ceanglas dlíthiúil é nuair atá aghaidhchló tí á athrú
- Tugann an próiseas pleanála an deis do dhaoine eile agóid nó aighneacht a chur isteach ina thaobh
- D’fhéadfadh an tÚdarás Pleanála an cead a dhiúltú.

**Cuid (b)**

**Seo a leanas an t-eolas ar na doiciméid**

**Ba cheart go mbeadh an t-eolas a leanas sa léarscáil de shuíomh an láithreáin**

- Uimhir Ábhartha Bhileoige Ordanáis
- Treo an Tuaiscirt
- An baile fearainn ina bhfuil an suíomh lonnaithe
- Sonraí faoi ghnéithe sa chomharsanacht, e.g. foirgnimh, crosbhóithre, faid ó bhailte nó ó shráidbhailte in aice láimhe
- Na teorainneacha a mharcáil nó a imlíniú i ndearg
- Ní mór talamh ar bith a dhéanann teorainn leis an suíomh atá le forbairt agus atá faoi úinéireacht an iarratasóra, a imlíniú i ngorm
- Caithfear ceadanna slí nó cearta slí a thaispeáint i mbuí
- Ní mór do na teorainneacha teacht go díreach leis na teorainneacha ar an leagan amach
- Láthair an fhógra láithreáin/na bhfógraí láithreáin.

**Ba cheart go mbeadh an t-eolas a leanas san fhógra láithreáin**

- Ainm agus seoladh an iarratasóra
- An cineál ceada agus dáta an iarratais
- Suite san áit a thaispeántar sa phlean láithreáin
- Cur síos ar an bhforbairt. Ní mór a lua má tá an cead á lorg faoi choinne obair thógála, obair choinneála, obair scartála nó athruithe
- Ní mór a lua más struchtúr atá faoi chosaint í an fhorbairt
- Ní mór a lua gur féidir an t-iarratas a iniúchadh nó a cheannach in oifigí an Údaráis Pleanála áitiúil laistigh de thréimhse 5 seachtaine dar tús an lá a fuarthas an t-iarratas.


**Cuid (c)**
**Cúis a bhféadfadh údarás pleanála cead pleanála a dhiúltú d'athchóiriú an gharáiste**

- D'athrófaí aghaidhchló an tí cónaithe de thoradh na forbartha
- Sonraíochta lochtacha – e.g. an airde idir an t-urlár agus an tsíleáil
- D'fhéadfadh na fuinneoga a bheith ag coimhéad amach ar chomharsa
- Níl an dearadh ag teacht le carachtar na bhfoirgneamh eile sa cheantar
- B'fhéidir nach bhfuil an struchtúr reatha ar chaighdeán sásúil.

*Pointí ar bith eile a bhaineann le hábhar.*

**Ceist 8**

**Umar uisce báistí**





- Cineál tanc nó bairille, 'A', é seo a úsáidtear chun uisce báistí a bhailiú ó dhíonta
- Cuid de chóras bailithe báistí é an t-umar
- Ceanglaítear é den fhánphíobán ón ngáitéar
- Feistítear córas forsceite ann
- Tá sconna ag bonn an umair agus tá bonn speisialta 'B' ar fáil freisin
- Tá toilleadh idir 100 agus 300 lítear aige
- D'fhéadfadh caidéal tumtha a bheith feistithe i roinnt umar chun uisce a thabhairt do phlandaí nó chun feithiclí a ghlanadh.

**Ballacheangal**



- Feistiú ar leith é seo a úsáidtear i dtógáil cuasbhalla
- Coimeádann sé duille inmheánach agus duille seachtrach cuasbhalla le chéile
- Cinntíonn sé seo go ngníomhaíonn an dá dhuille mar a bheadh aonad amháin ann
- Bíonn an struchtúr níos láidre dá bharr
- Ceapadh an ballacheangal nua-aimseartha chun an t-insliú a choimeád ina ionad
- Fágtar 900 mm idir na ballacheangail go cothrománach agus fágtar 450 mm eatarthu go ceartingearach
- Déantar ballacheangail as cruach dhosmálta.


**Cuaille ráille staighre**




- Is as crua-adhmad nó as bogadhmad a dhéantar é seo
- Seasann sé go ceartingearach ag barr nó ag bun stiall an staighre
- Is féidir é a úsáid le haghaidh cinn staighre idir bun agus barr an staighre freisin
- Gníomhaíonn sé mar thaca don lámhráille
- Bíonn cuaille ráille staighre 75 mm × 75 mm nó 100 mm × 100 mm de ghnáth
- D'fhéadfadh sé a bheith cearnógach nó cruinn agus d'fhéadfaí an barr a mhúnlú
- D'fhéadfaí é a shnoí freisin mar mhaisiúchán breise
- A = cuaille ráille staighre; B = stiall; C = lámhráille.


**Déadalt bosca**

- Alt coitianta é seo a úsáidtear i dtroscán ardchaighdeáin
- Baintear úsáid as an alt le cruthanna bosca a mhonarú.
- Baineadh úsáid fhorleathan as chun tarraiceáin a thógáil
- D'fhéadfaí é a thógáil de láimh nó trí leas a bhaint as trealamh speisialta
- Tá claonadh an déadailt tábhachtach le haghaidh an nirt is mó
- Is ionann claonadh déadailt i mbogadhmad agus 1:6 de ghnáth
- Is ionann claonadh déadailt i gcrua-adhmad agus 1:8 de ghnáth
- Is féidir leis an alt a bheith maisiúil má dhéantar i gceart é
- D'fhéadfaí adhmaid atá in imeartas le chéile a úsáid chun béim a leagan ar éifeacht an déadailt.




**Gaiste lintéir**

- Feistiú draenála PVC é seo a úsáidtear chun fuíolluisce nó uisce báistí a bhailiú
- Feistítear é ag ceann na draenach faoin talamh
- D'fhéadfadh ionraon cúil a bheith ag an ngaiste lintéir
- Bíonn an barr cearnógach nó cruinn agus feistítear eangach phlaisteach ann
- Cuireann an eangach cosc ar dhuilleoga agus ar shalachar ó dhul isteach sa draein
- Coinníonn gaiste lintéir séala uisce i gcónaí
- Cuireann an séala uisce cosc ar bholadh as na draenacha.




**Sábhadh tríd is tríd**

- Modh é seo chun lomáin a iompú ina mboird de mhéid oiriúnach
- Téarma eile air ná sábhadh pléineáilte
- Gearrtar go hiomlán tríd an lomán le linn an phróisis
- Is beag a chuirtear amú sa mhodh seo
- Táirgeann an modh seo uasleithead boird
- Is dóchúil go gcuasóidh na boird le linn stálú
- Ní thaispeántar aon phatrún snáithe ar leith.




**Alt comhbhrú**

- Baintear úsáid as an alt seo sa phluiméireacht
- Úsáidtear é chun píobáin copair agus píobáin PVC a cheangal
- Is as prás nó PVC a dhéantar an t-alt agus is féidir é a fháil i gcuid mhór méideanna
- Gearrtar cinn na bpíobán go cearnógach chun an t-alt a chumadh
- Sleamhnaítear an cnó agus an bianna thar an bpíobán
- Cuirtear téip PTFE nó maisteog leis an alt
- Ina dhiaidh sin, brúitear ceann an phíobáin isteach san alt
- Teanntar an cnó go daingean, rud a chomhbhrúnn an bianna chun alt uiscedhíonach a dhéanamh.




**Feirbín uillinne**



- Baintear úsáid as feirbín uillinne sa phlástráil
- Baintear úsáid as chun fíorchúinne díreach a chruthú
- Tá sé d'fheidhm ag an bhfeirbín an plástar a threisiú san áit is laige
- Is féidir é a úsáid taobh istigh nó taobh amuigh
- Tá feirbín uillinne déanta as cruach dhosmálta nó as cruach ghalbhánaithe
- Is féidir feirbíní plaisteacha cúinne a fháil
- Tá easna chrua ina bhfuil feire mogalra ar cheachtar taobh san fheirbín uillinne
- Feistítear an mogalra sa bhalla leis an easna ceartingearach nó cothrom
- Coinníonn tairní nó dabaí plástair an feirbín ina ionad.


**Alt briosca**




- Baintear úsáid as alt briosca chun adhmad a shiúntáil
- Tá an t-alt foirfe chun boird a shiúntáil feadh an imill
- Is féidir é a úsáid i mórán suímh eile siúntála freisin
- Baintear úsáid as nascóir briosca chun eitre corránach B a ghearradh sna himill atá le siúntáil
- D'fhéadfaí an nascóir a chur in oiriúint do mhéideanna éagsúla na mbrioscaí
- Is iad na méideanna a thugtar ná 0, 10 agus 20
- Déantar briosca A as feá an-chomhbhrúite
- Nuair atá an t-alt á dhéanamh, cuirtear gliú leis an dá imeall agus isteach san eitre
- Cuirtear na brioscaí ina n-ionad agus baintear úsáid as crampaí chun brú a chur ar an alt.


**Ceist 9 - Cuid (a)**
**An ráille tosaigh a shiúntáil leis an gcos**

**Alt corrógach moirtíse agus tionúir**




- Is é seo an modh is coitianta agus is traidisiúnta a úsáidtear
- Is é an rogha modha faoi choinne siúinéireacht ardchaighdeáin
- Déantar é trí mhoirtís a úsáid ar uachtar na coise
- Déantar tionúr le corróg ar an mbarr-ráille
- Déantar an mhoirtís le corróg
- Tá an t-alt láidir agus tacúil
- Tá achar mór dromchla gliú aige
- Seasann an t-alt an casadh agus fanann sé cobhsaí.

**Dualalt**




- D'fhéadfaí an barr-ráille agus an chos a shiúntáil lena chéile trí úsáid a bhaint as duail
- Druileáiltear poill duail isteach i gceann an bharr-ráille
- Druileáiltear poill duail isteach i mbarr na coise ag an ionad oiriúnach
- Baintear leas as díreog dhuail chun poill a dhruileáil
- Cuirtear brat gliú ar na duail agus ar na dromchlaí agus feistítear iad lena chéile ansin
- Alt lag é seo - tá sé níos laige ná alt moirtíse agus tionúir. - *Aon alt eile atá oiriúnach.*

**Cuid (b)**
**Barr an bhoird a athchóiriú**





- Glantar an dromchla go huile agus go hiomlán.
- D'fhéadfaí péintdíobhach nó díobhach vearnaise a úsáid dá mbeadh gá leo
- Greanáiltear an dromchla ag baint úsáide as mínpháipéar gloine go meánpháipéar gloine.
- D'fhéadfaí greanóir leictreach a úsáid
- D'fhéadfaí marcanna doimhne a chóiriú
- B'fhéidir go mbeadh gá leis an dromchla a phlánáil píosa beag chun cuid de na marcanna a bhaint
- D'fhéadfaí olann chruach a úsáid le bailchríoch mhín a fháil
- Glantar an dromchla ansin le bánbhiotáille
- Déantar é a ghreanáil go héadrom arís sula gcuirtear an bhailchríoch roghnaithe air.




**Cuid (c)**
**Bailchríoch chuí le cur ar bharr an bhoird**
Bailchríocha oiriúnacha

- Vearnais
- Céir
- Ola / Ola Dhanmhargach
- Laicear.

Déantar an t-adhmad a ullmhú ar an gcaoi chéanna i gcomhair gach bailchríche.

**Bailchríoch vearnaise a chur air.**



- Déantar an dromchla a ullmhú mar a luaitear.
- Cuirtear an chéad bhrat vearnaise air
- Déantar an dromchla a ghreanáil go héadrom
- Cuirtear an dara bhrat vearnaise air ansin
- Baintear úsáid as scuab d'ardchaighdeán chun an vearnais a chur air.

**Bailchríoch laicir a chur air**



- Cuirtear an bhailchríoch seo ar dhromchla a ullmhaítear go maith
- Déantar an bhailchríoch a spraeáil ar an dromchla
- Cruthaíonn sé seo bailchríoch d'ardchaighdeán

**Bailchríoch chéarach a chur air**

- Cuirtear an chéir air le héadach
- Cuirtear air í i sraitheanna an-éadroma
- Ligtear don tsraith triomú
- Déantar é a shlíobadh ansin
- Cuirtear sraitheanna breise air más gá.

**Bailchríoch ola a chur air**

- Déantar an dromchla a ullmhú mar a luaitear.
- Cuirtear an chéad bhrat ola air
- Déantar an dromchla a ghreanáil go héadrom ansin.
- Is féidir an dara agus an tríú cóta a chur air.
- Cuirtear ola air le héadach glan éaglúmhach.

| Ceist 1 – Sonra faoi na sceimhleacha | |
|---|---|
| **Mionsonraí** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)** | |
| Tíleanna coincréite | **5** |
| Caolaigh bhogadhmaid 44 mm × 35 mm | **5** |
| Scannán inanálaithe | **5** |
| Rachtaí 150 × 40 mm / 250 mm × 40 mm | **5** |
| Insliú don díon a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair | **5** |
| Giarsaí síleála 150 × 40 mm | **5** |
| Síleáil de phlástarchlár 12.5mm le taca scragaill, mar aon le brat scimeála | **5** |
| Maide balla 100 × 75 mm | **5** |
| Plástráil inmheánach agus rindreáil sheachtrach | **5** |
| Bloc coincréite duille istigh 100 mm | **5** |
| Insliú do balla a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair | **5** |
| Cuas iarmharach 50 mm | **5** |
| Bloc coincréite duille amuigh 100 mm | **5** |
| Éadanchlár agus tarrchlár | **5** |
| Gáitéar sceimhle 100 mm | **5** |
| Conair aeraithe | **5** |
| ***7 gcinn ar bith de na sonraí thuas (5 mharc an ceann)*** **Fo-iomlán** | **35** |
| Trí ghnáth-thoisí | **5** |
| **Cuid (b)** | |
| Modh chun an cuas a dhúnadh ag leibhéal na sceimhleacha. | **4** |
| **Línitheoireacht, cruinneas agus scála** ***(sármhaith, maith, measartha)*** *6 4 2* | **6** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

| Ceist 2 – Insliú seachtrach | |
|---|---|
| **Mionsonraí** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)** | |
| **Modh chun insliú seachtrach a chur leis – Nótaí** | |
| Cur síos bailí a haon | **6** |
| Cur síos bailí a dó | **6** |
| Sonraí faoin mbailchríoch sheachtrach dhromchla leis an insliú | **6** |
| Cineál agus tiús an inslithe *(3 mharc + 3 mharc)* | **6** |
| **Insliú seachtrach – Sceitse** | |
| Sonra bailí | **4** |
| Sonra bailí | **4** |
| **Cáilíocht an sceitse** ***(sármhaith, maith, measartha)*** *8 6 4* | **8** |
| **Cuid (b)** | |
| **Insliú seachtrach** | |
| Buntáiste a haon | **5** |
| Buntáiste a dó | **5** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

| Ceist 3 – Príomhlíonra uisce | |
|---|---|
| **Mionsonraí** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)** | |
| Nasc leis an bpríomhlíonra uisce | **5** |
| Comhla stoptha | **5** |
| Píobán soláthair uisce | **5** |
| Balla seachtrach | **5** |
| Muinchille chosanta le haghaidh soláthar uisce | **5** |
| Insliú píopa seirbhíse | **5** |
| Comhla stoptha | **5** |
| Príomhphíobán aníos | **5** |
| Nasc leis an doirteal cistine | **5** |
| Gnáth ábhar | **5** |
| Gnáth-thoise na píboibre | **5** |
| ***6 cinn ar bith de na sonraí thuas (5 mharc an ceann)*** **Fo-iomlán** | **30** |
| **Cáilíocht an sceitse** ***(sármhaith, maith, measartha)*** *8 6 4* | **8** |
| **Cuid (b)** | |
| **Dhá shonra dearaidh a stopfadh an t-uisce ó bheith ag reo sa phríomhlíonra uisce** | |
| Sonraí dearaidh *(2 × 3 mharc)* | **6** |
| **Cuid (c)** | |
| **Dhá bhealach chun an úsáid as uisce cóireáilte a laghdú** | |
| Dhá bhealach *(2 × 3 mharc)* | **6** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

| Ceist 4 – Fothaí | |
|---|---|
| **Mionsonraí** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)** | |
| **Leithead agus doimhneacht an trinse** | |
| An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **6** |
| An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **4** |
| **Leibhéal críochnaithe na coincréite san fhotha** | |
| An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **6** |
| An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **4** |
| **Treisiú an fhotha** | |
| An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **6** |
| An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **4** |
| **Suíomh an bhalla ar an bhfotha stéille** | |
| An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **6** |
| An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **4** |
| **Cuid (b)** | |
| **Dhá chúis timpeallachta a bhfuil an fotha stéille ar an rogha cineál fotha** | |
| Cúis a haon | **5** |
| Cúis a dó | **5** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

| Ceist 5 – Leac fuinneoige | |
|---|---|
| **Mionsonraí** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)** | |
| Clár fuinneoige - 25 mm | **5** |
| Fráma fuinneoige 150 mm × 80 mm | **5** |
| Gloine d'astaíochas íseal lena mbaineann gloiniú triarach | **5** |
| Leac fuinneoige de choincréit réamhtheilgthe | **5** |
| Maisteog agus/nó séalaí téipeáilte | **5** |
| D.P.C. | **5** |
| Plástráil sheachtrach agus plástráil inmheánach 15 mm | **5** |
| Bloc coincréite duille amuigh 100 mm | **5** |
| Cuas iarmharach 50 mm | **5** |
| Ballacheangal | **5** |
| Insliú teirmeach 100 mm | **5** |
| Bloc coincréite duille istigh 100 mm | **5** |
| Dúntóir dílsithe cuais | **5** |
| ***7 gcinn ar bith de na sonraí thuas (5 mharc an ceann)*** **Fo-iomlán** | **35** |
| Trí ghnáth-thoisí | **5** |
| **Cuid (b)** | |
| **Sonra dearaidh chun droichead teirmeach/fuar a chosc ag leac na fuinneoige** | |
| Sonra dearaidh bailí | **4** |
| **Línitheoireacht, cruinneas agus scála** ***(sármhaith, maith, measartha)*** *6 4 2* | **6** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

| Ceist 6 - Sábháilteacht | |
|---|---|
| **Mionsonraí** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)** | |
| **Réamhchúraimí sábháilteachta nach mór cloí leo le linn ualach a ardú** | |
| Réamhchúram a haon | **4** |
| Réamhchúram a dó | **4** |
| Fáthanna | **2** |
| **Réamhchúraimí sábháilteachta le linn coincréit a chur i dtrinse fotha:** | |
| Réamhchúram a haon | **4** |
| Réamhchúram a dó | **4** |
| Fáthanna | **2** |
| **Cuid (b)** | |
| **Dhá phíosa de threalamh cosanta pearsanta nach mór a chaitheamh ar láithreán tógála** | |
| **Píosa a haon** | |
| Sonra bailí - nóta | **5** |
| **Sceitse** ***(sármhaith, maith, measartha)*** *5 3 2* | **5** |
| An tábhacht a bhaineann le píosa a haon | **5** |
| **Píosa a dó** | |
| Sonra bailí - nóta | **5** |
| **Sceitse** ***(sármhaith, maith, measartha)*** *5 3 2* | **5** |
| An tábhacht a bhaineann le píosa a dó | **5** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

| Ceist 7 – Pleanáil | |
|---|---|
| **Mionsonraí** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)** | |
| **Cúiseanna a dteastaíonn cead pleanála chun an garáiste a iompú – Nótaí** | |
| Cúis a haon | **6** |
| Cúis a dó | **6** |
| **Cuid (b)** | |
| **Léarscáil de shuíomh an láithreáin** | |
| Sonra bailí a haon | **5** |
| Sonra bailí a dó | **5** |
| Sonra bailí a trí | **5** |
| **Fógra láithreáin** | |
| Sonra bailí a haon | **5** |
| Sonra bailí a dó | **5** |
| Sonra bailí a trí | **5** |
| **Cuid (c)** | |
| **An chúis a bhféadfadh údarás pleanála cead pleanála a dhiúltú d'athchóiriú an gharáiste** | |
| Sonra bailí | **8** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

| Ceist 8 – Téarmaí | |
|---|---|
| **Mionsonraí** | **Marcanna** |
| **Mír a haon** | |
| An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **6** |
| An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **4** |
| **Mír a dó** | |
| An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **6** |
| An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **4** |
| **Mír a trí** | |
| An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **6** |
| An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **4** |
| **Mír a ceathair** | |
| An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **6** |
| An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **4** |
| **Mír a cúig** | |
| An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **6** |
| An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **4** |
| **Iomlán** | **50 marc** |


| **Ceist 9 – Athchóiriú - bord cistine** | |
|---|---|
| **Mionsonraí** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)** | |
| **Alt oiriúnach leis an ráille a shiúntáil leis an gcos – Nótaí** | |
| Ainm | **4** |
| Oiriúnacht an ailt | **4** |
| **Sceitse den alt** | |
| **Cáilíocht an sceitse** *(sármhaith, maith, measartha)* *6 4 2* | **6** |
| **Cuid (b)** | |
| **Ullmhú bharr an bhoird – nótaí** | |
| Sonra bailí a haon | **6** |
| Sonra bailí a dó | **6** |
| **Ullmhú bharr an bhoird – Sceitse** | |
| **Cáilíocht an sceitse** *(sármhaith maith measartha)* *4 3 2* | **4** |
| ***Cuid (c)*** | |
| **Bailchríoch chuí le cur air** | |
| Ainm na bailchríche | **4** |
| **An bhailchríoch a chur air – Nótaí** | |
| Sonra bailí a haon | **6** |
| Sonra bailí a dó | **6** |
| **Cáilíocht na sceitsí** *(sármhaith, maith, measartha)* *4 3 2* | **4** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
***State Examinations Commission***

***Scrúdú Ardteistiméireachta 2012***

# *Scéim Mharcála*


***(150 marc)***




## *Staidéar Foirgníochta*
## *Triail Phraiticiúil*


# Staidéar Foirgníochta 2012
# Scéim Mharcála – Triail Phraiticiúil

**Tabhair ar aird:**
Ní mór don iarrthóir an déantán a dhéanamh de láimh gan cúnamh ó innealra.
Ceadaítear scriúire atá cumhachtaithe ag cadhnra, áfach.
Más léir gur úsáideadh innealra le haghaidh modh oibre áirithe, gearrfar pionós dá bharr.
Marcálfar an píosa sin as 50% de na marcanna atá ar fáil don mhodh oibre sin.





| A | CÓIMEÁIL FHORIOMLÁN | Marcanna |
|---|---|---|
| 1 | Cáilíocht fhoriomlán an déantáin chóimeáilte | **8** |
| 2 | An dual aimsithe agus feistithe i gceart | **4** |
| 3 | Dearadh agus deilbhiú feidhmithe na gcorr<br>• dearadh<br>• deilbhiú *(2 × 2 mharc)* | **4** |
| | **Iomlán** | **16** |








| B | MARCÁIL AMACH | Marcanna |
|---|---|---|
| 1 | An taobh clé – ceartingearach<br>• ailt - alt moirtíse *(2 mharc)*<br>- déadalt *(2 mharc)*<br>• claontaí bairr *(1 mharc)* | **5** |
| 2 | An taobh deas – ceartingearach<br>• ailt - alt moirtíse *(2 mharc)*<br>- déadalt *(2 mharc)*<br>• claontaí bairr *(1 mharc)* | **5** |
| 3 | An lár – ceartingearach<br>• ailt - béalalt *(2 mharc)*<br>- leathalt *(2 mharc)* | **4** |
| 4 | An ráille íochtair<br>• ailt - pionnaí déadailt *(2 × 2 mharc)*<br>- trinsí *(2 mharc)* | **6** |
| 5 | An ráille uachtair<br>• ailt - tionúir *(2 × 2 mharc)*<br>- leathalt *(2 mharc)* | **6** |
| 6 | An bonn – clé agus deas<br>• moirtísí *(2 × 2 mharc)*<br>• eangaí *(4 × 2 mharc)*<br>• seaimféir *(4 × 1 mharc)* | **16** |
| 7 | An bonn – ráille cúil tionúir *(2 × 2 mharc)* | **4** |
| | **Iomlán** | **46** |


| DHÁ THAOBH | C | PRÓISEÁIL | Marcanna |
|---|---|---|---|
|  | 1 | Seaimféir a dheilbhiú ***(2 × 1 mharc)*** | **2** |
| | 2 | Dhá mhoirtís ***(2 × 3 mharc)*** | **6** |
| | 3 | Déadailt<br>• claontaí ***(4 × 2 mharc)***<br>• guaillí ***(4 × 1 mharc)*** | **12** |
| | | **Iomlán** | **20** |

| AN LÁR – CEARTINGEARACH | D | PRÓISEÁIL | Marcanna |
|---|---|---|---|
|  | 1 | Béalalt - bun<br>• sábhadh ceartingearach ***(2 × 1 mharc)***<br>• trinseáil ***(2 mharc)*** | **4** |
| | 2 | Leathalt - barr<br>• sábhadh trasna an tsnáithe ***(2 × 1 mharc)***<br>• bearradh trinse ***(1 mharc)*** | **3** |
| | | **Iomlán** | **7** |

| AN RÁILLE ÍOCHTAIR | E | PRÓISEÁIL | Marcanna |
|---|---|---|---|
|  | 1 | Dhá phionna déadailt<br>• sábhadh ceartingearach (4 × 1 mharc)<br>• trinseáil (2 × 2 mharc) | **8** |
| | 2 | Béalalt<br>• sábhadh trasna an tsnáithe ***(4 × 1 mharc)***<br>• bearradh trinse ***(2 × 1 mharc)*** | **6** |
| | | **Iomlán** | **14** |

| AN RÁILLE UACHTAIR | F | PRÓISEÁIL | Marcanna |
|---|---|---|---|
|  | 1 | Dhá thionúr<br>• sábhadh ceartingearach ***(4 × 1 mharc)***<br>• sábhadh na nguaillí ***(4 × 1 mharc)*** | **8** |
| | 2 | Trinse<br>• sábhadh na nguaillí ***(2 × 1 mharc)***<br>• bearradh trinse ***(1 mharc)*** | **3** |
| | | **Iomlán** | **11** |

| AN BONN - TAOBHANNA | G | PRÓISEÁIL | Marcanna |
|---|---|---|---|
|  | 1 | Seaimféir *(4 × 1 mharc)* | **4** |
| | 2 | Dhá mhoirtís *(2 × 3 mharc)* | **6** |
| | 3 | Deilbhiú na gclaontaí *(8 × 2 mharc)* | **16** |
| | 4 | Poill - scriúnna<br>• druileáil agus leacú<br>• scriúnna + suíomh *(2 × 2 mharc)* | **4** |
| | | **Iomlán** | **30** |

| AN BONN – RÁILLE CÚIL | H | PRÓISEÁIL | Marcanna |
|---|---|---|---|
|  | 1 | Dhá thionúr<br>• sábhadh ceartingearach *(2 × 2 mharc)*<br>• sábhadh na nguaillí *(2 × 1 mharc)* | **6** |
| | | **Iomlán** | **6** |